

An tÚll Mór 3 (2016)

Saothraithe Gaeilge ar leith i Nua-Eabhrac, 1850-1915

Fionnuala Uí Fhlannagáin

Thart faoi lár an naoú haois déag, bhí Éireannaigh áirithe i Meiriceá inníoch faoi staid na Gaeilge. Ba léir dóibh go raibh an teanga ag meath. Cheannaigh an *Irish-American* clófhoireann gaelach i Nua-Eabhrac agus cuireadh filíocht Ghaeilge sa chló Gaelach ar fáil sa nuachtán sin i samhradh 1857. Léiríodh spéis sa cholún sin. Theastaigh ó léitheoir teagmháil a dhéanamh le múinteoirí a bheadh toilteanach Gaeilge a mhúineadh.¹ Thaitin foilsíú na filíochta Gaeilge go mór leis an *Daily News* a dúirt go mba chóir teagasc na Gaeilge a bheith ar fáil i Nua-Eabhrac. “In such a city as New York, where half the population is Irish or of Irish descent, there should be facilities for instruction in a language which boasts such noble gems of poetry as the Erse.”²


Dream a léirigh suim nach beag sa Ghaeilge ab ea cuid mhaith de cheannairí na bhFíníní a chuir fúthu i Meiriceá. Ba mar dhaoine indibhidiúla a shaothraigh siad. Is léir go raibh a lán acu gnóthach agus éifeachtach i gcur chun cinn na Gaeilge. Nocht an *Phoenix*, nuachtán Fíníneach, i 1860 an tuairim go raibh staid na Gaeilge i “neglect and total disuse” agus go mba chóir í a athbheochan.

Ba Ghaillimheach, Mícheál Ó Lócháin, a mhol ar dtús ranganna Gaeilge a chur ar bun sna 1870í agus ina dhiaidh sin bunaíodh na Cumainn *Philo-Celtic* i Meiriceá d’fhonn an Ghaeilge a chaomhnú.

Tá sé ar intinn agam san alt seo scéal cheathrair inimirceach a shaothraigh ar son na Gaeilge i Nua-Eabhrac – Seán Ó Mathúna, Diarmuid Ó Donnabháin Rosa, Mícheál Ó Lócháin agus Eoin Ó Cathasaigh a insint.

Seán Ó Mathúna (1815-1877)

Duine de bhunaitheoirí na bhFíníní agus ceannaire Fhíníní Mheiriceá ar feadh roinnt blianta ab ea Seán Ó Mathúna. Scoláire Gaeilge ab ea é. D’aistrigh sé saothar de chuid Sheathrún Céitinn *Foras Feasa ar Éirinn* go Béarla agus foilsíodh i Nua-Eabhrac é sa bhliain 1857.



Ba eisean a thogh an mana a bhí ag bun bhratacha Reisimintí éagsúla na Briogáide Éireannaigh. “Riamh nar druid ó sbairn lann”, smaoineamh a tháinig chuige ón dán Fiannaíochta “Agallamh Oisín agus Pádraic”.³ Tógadh leacht cuimhneacháin i reilig d’Eaglais Naomh Pól i Nua-Eabhrac do Ghael ar leith darbh ainm Mac Neimhinn. Ar thrí thaobh na leachta seo, bhí píosaí inscríbhíne i dtrí theanga - Béarla, Laidin agus Gaeilge. Ba é an Mathúnach a chum an píosa Gaeilge.⁴

Bhí baint ag Ó Mathúna le dhá nuachtán Fhíníneach a foilsíodh i Nua-Eabhrac - an *Phoenix* agus an *Irish People*. Tháinig an *Phoenix* ar an saol i 1859. Bhí pictiúir den éan finscéalach an féinics ar bharr an phríomhleathanaigh. Ba léir ó thús go raibh sé faoi chúram Uí Mhathúna. Tugadh poiblíocht ann do chúrsaí mhíleata mar aon le liostaí de oifigigh an 69ú Reisimint na Briogáide Éireannaigh agus sonraí faoi a ndrilleanna. Is éard a bhí sa bhriogáid sin ná briogáid cos-slua de Ghaeil

Mheiriceánaigh, den chuid is mó, a throid ar thaobh na hAontachta le linn an chogaidh chathartha i Meiriceá.



Cuireadh síos go minic sa nuachtán faoin gCumann Oisíneach Nua-Eabhrac. Ba in craobh den Chumann Oisíneach a bunaíodh i mBaile Átha Cliath ar dtús i 1853 agus aidhm acu leabhair i nGaeilge a fhoilsiú. Nuair a chláraigh ball óg nua - Dáithí Ó Caoimh leis an gCumann seo, dúirt an t-eagarthóir:

This must prove a useful accession to this young association who are engaged in the laudable struggle of resuscitating to some extent their beloved language from neglect and total disuse by their fellow countrymen.⁵

Bhí suim ar leith ag Ó Mathúna i gcúrsaí ghinealais agus foilsíodh sa nuachtán sin giotaí beaga i nGaeilge faoi shloinnnte chlanna éagsúla in Éirinn mar Mhic Dhiarmada agus Uí Chonaire i measc clanna éagsúla eile nach iad. Ní raibh aon cholún Gaeilge san *Phoenix* agus níor mhair an nuachtán sin ach thart faoi dhá bhliain.

Tháinig an *Irish People* ar an saol in Eanáir 1866 i Nua-Eabhrac. Labhair sé ar son eite na bhFíníní a bhí dílis do Ó Mathúna. Bhíodh fógraí do ghunnaí de gach saghas ann. Ceapadh Ó Mathúna mar eagarthóir sa bhliain 1869 agus bhunaigh sé Roinn Cheilteach ann. Ba eisean féin a dhear an cló ait a toghah. Baineadh feidhm as macraim mar aicinn agus uascamhóga mar poncanna séimhithe.

Foilsíodh dánta mar “Óid do Clannaibh Mílidh”, “Maighdean ‘S Baintreabhach” agus “Agallamh Oisín agus Pátraic” i an *Irish People*. Scrúdaigh Ó Mathúna cuid mhaith lámhscríbhinní sular chuir sé sleachta as “Agallamh Oisín agus Pátraic” ar fáil dá léitheoirí. ”In preparing the text of the original for the press, we have compared four manuscript copies with that published by the Ossianic Society of Dublin”⁶ Feictear cuid mhaith d’fhlíocht na Mumhan sa Roinn Cheilteach, go minic tógtha ó *Poets and Poetry of Munster* de chuid an fhoilsitheora mór le rá John O’ Daly, Baile Átha Cliath.

Ó am go ham foilsíodh litreacha i nGaeilge ann. Thaitin na píosaí Gaeilge a cuireadh ar fáil go mór le léitheoirí amháin - Seághan Ó Súilleabháin, ó Lawrence, Massachusetts. “Atá gáirdeachas orm mar tá do pháipéir oscailte do leitríbh Gaodhailge...Níl ár d-teanga marbh fós, Ní’l ná Éire. Ní marbh do bhí sí, ach ‘n a codladh.”⁷


Nuair a osclaíodh Roinn Ghaeilge i an *Irish-American*, Nua-Eabhrac ar dtús i 1857, ba é Seán Ó Mathúna agus a shean chara Michael Doheny a bhí á stiúiriú. Bhí baint ag an mbeirt acu in Éirinn leis na hÉireannaigh Óga roimhe sin. Cheannaigh úinéirí an nuachtáin teilgin de chló Gaelach ó theilgchearta i Nua-Eabhrac. Sholáthraíodh Ó Mathúna na dánta Gaeilge agus d’aistríodh Doheny go Béarla iad. Ba é an chéad dán a thogh Ó Mathúna ná “Lon-Dubh Dhoire an Chairn”. Ba in an chéad uair riamh, go bhfios dúinn, a foilsíodh filíocht Gaeilge sa chló Gaelach i Meiriceá. Léirigh iarcheannaire na bhFíníní a scoláireacht agus a spéis sa Ghaeilge agus é ag plé leis na Ranna Ghaeilge i an *Irish People*, agus an *Irish-American*.⁸

D’fhéadfaí a rá, nach ar mhaithe leis féin a bhí sé riamh. Bhí sé ina chónaí go beo bocht in árasán gan teas, nuair a fuair a chairde é cúpla lá sula fuair sé bás. Cé gur thug siad gach compord agus cógais dó, bhí sé ró dhéanach. Ní raibh sé riamh praiticiúil ach bhí sé aislingeach. Ach mar a dúirt John Boyle O’Reilly faoi:

For a dreamer lives forever
But a toiler dies in a day.⁹

Diarmuid Ó Donnabháin Rosa (1831-1915)

Rugadh Diarmuid Ó Donnabháin Rosa i Ros Cairbre, Contae Chorcaí sa bhliain 1831. Tógadh le Gaeilge é, go mór mhór i rith na mblianta a chaith sé i dteach a sheanathar.¹⁰ D'fhoghlaim sé filíocht Ghaeilge óna shean mháthair nuair a bhí sé óg. Chaith sé roinnt blianta i bpríosún Chatham, i Sasana, áit ar fhulaing sé mórán cruatan. Scaoileadh saor é in éineacht le ceathrar Fhínín eile i 1871. D'imíodar le chéile go Meiriceá agus ba ansin a chaith sé an chuid eile dá shaol.



Léirigh sé a ghrá agus a spéis sa Ghaeilge go minic. Thacaigh sé leis an iris dhátheangach an Lóchánaigh, an *Gaodhal*, nuair a foilsíodh ar dtús é. Gheall sé “deunfad mo dhíthchioll chum an bóthar do leathnughadh rómhat”.¹¹ Thug Ó Lócháin le fios go bhfuair sé 300 síntiúsóir nua “through O'Donovan Rossa's paper the *United Irishman*.”¹²

Foilsíodh *Rossa's Recollections 1838-1898* sa bhliain 1898, ach bhí sé i gcló ar dtús ina nuachtán féin an *United Irishman* roimhe sin. Ba i mBéarla a scríobhadh an leabhar ach d'éirigh leis pictiúir a chruthú a fhanann le duine, nuair a bhíonn a lán de na mór eachtraí staire dearmadta, leis an gcaoi a chríochnaigh sé scéilíní uaireanta, le habairtí gonta Gaeilge. Tharla nuair a bhí sé óg, go raibh lucht seilge na háite ag marcaíocht ar a gcapaill, gléasta go galánta i seaicéid daite i ndiaidh cúnna an Iarla Cairbre. Ba mar seo a dúirt a mháthair agus iad ag gabháil thairsti. “Ah! ta oor la aguiv-sa sa saol-seo, acht beig aar la aguinne' sa saol eile”.¹³

Thagair Dubhghlas de hÍde dó ina dhialann pearsanta. “Bhí Rosa go láidir ar thaoibh na teangan.” Nuair a bhí Rosa ag taispeáint iontais agus radhairc Nua-Eabhrac dó i 1891, ba i nGaeilge a labhair siad le chéile.¹⁴

Bhunaigh sé páipéar seachtainiúil - an *United Irishman* sa bhliain 1881 i Nua Eabhrac. Uaireanta tugadh páipéar “dinimíte” air. Tugadh eolas sa pháipéar ar ghníomhaíochtaí na bhFíníní i Meiriceá. Ba sa chló Rómhánach a foilsíodh an Ghaeilge ann agus níor bhac sé le aicinn - na síntí fada, a chur isteach. Feictear chomh sásta is a bhí Tomás Ó Néill Ruiséal le Ó Donnabháin Rosa, i litir a sheol sé chuige tar éis dóibh beirt bualadh le chéile ag cruinniú Chumann Gaedhilge Nua-Eabhrac .

A Rossa Dhil,- Bhi luathghair mhor orm nuair chonnairc me thu ag an g-cruinniughadh Gaedhilge trathnona diadomhnaigh chuaidh thort. Ba choir dhuit bheith annsna sgolaibh Gaedhilge nios minice na bidheann tu, oir is tu an t-aon fhear-eagair Eireannach amhain a thuigeas teanga do thire.¹⁵

Chreid Rosa gur de thoradh troda amháin a bhainfí saoirse na hÉireann amach. Chuir eagarthóir an *Irish World*, Patrick Ford agus Rosa tús le bailiúchán Chiste Chatha ‘chun mearbhuillí díobhála a bhualadh ar Shasana’ Scirmiseáil a tugadh ar an mbeartaíocht sin.¹⁶ Ba i nuachtán Ford a fógraíodh an Ciste Chatha ar dtús. Thosaigh cuid mhaith airgid ag

teacht isteach. Bhí timpeall 80,000 dollar bailithe acu thart faoin mbliain 1879. Ach ní raibh ceannairí Clan na nGael ná na Fíníní sásta le riaradh an chiste, áfach. Fuaireadar an seans stiúradh an chiste a bhaint ó Rosa le linn dó a bheith tinn. Tugadh cuid den chiste sin do riarthóirí Chonradh na Talún in Éirinn. Bhí Rosa ar buile nuair a fuair sé amach céard a tharla. D'ardaigh sé ceisteanna i nGaeilge ar phríomhleathanach a nuachtáin faoin gcaoi a caitheadh airgead an Chiste Chatha.

An bh-fuil muintir na h-Eireann dul a thabhairt tuille airgid do'n Chunradh-Talmhan? An ail leo ioc na ndaoineadh ata ag labhairt clampair a bh-Feise Sacsanaighe? An g-creideann siad go saorfar Eire leis an g-clampar? Cad e meud airgid fuair an chunradh-Talmhan? cad e meud de do chaitheadh le cabharadh na ndaoineadh bocht do cuireadh amach o n-a d-talamh, agus cad e meud de chuaidh asteach a b-pocadhaibh na ndaoineadh, ata ag labhairt chlampair a Lunduin?¹⁷

Is spéisiúil an scéal a d'inis Rosa in alt "Irish Caoiners in America." Agus é ag freagairt ceiste a chuir Thomas T. D. Norris air faoi nós na caointeoireachta i Meiriceá, dúirt sé: "There are caoiners in this country; 'tis in this country that they have reason to caoin - far away from home" Tharla gur chuala Rosa féin bean caointe i dteach tórramh i gCoill an Uimire i mBrooklyn cúpla oíche roimhe sin. B'amhlaidh gur b'as an gceantar céanna in Éirinn an bhean caointe agus gaolta an duine mhairbh. Níor thaitin sé léi nuair nach bhfuair sí cuireadh chuig an bhainis bliain roimhe sin, agus níor fhéad sí gan tagairt don mhasla sin sa chaoineadh.

mo char' s mo stor thu
Do h-iarradh me ar do thoraibh,
Níor h-iarradh me air do phosa.
Ní iosfain punt feola,
A's do dheunach giuine no dho me.¹⁸

Feictear dánta nua-cumtha ó Dhubhghlas de hÍde, a bhí in Éirinn agus ó Phádraig Ó Beirn, a raibh cónaí air i Nua-Eabhrac ag an am i an *United Irishman*. Feictear dánta ann freisin a thóg an t-eagarthóir as leabhar James Hardiman.¹⁹ Cosúil le Mícheál Ó Lócháin agus saothraithe eile atá pléite sa saothar seo, ghoilleadh sé go mór ar Rosa a thabhairt faoi deara go raibh cuid de na sean inimircigh ó Éirinn ag fáil bháis i Meiriceá agus na hamhráin agus na dánta a bhí de ghlan mheabhair acu ag imeacht leo. Sa bhliain 1901, d'fhoilsigh Rosa dán "Caoidh an t-Saighdiúr" a d'aithris Ellen O' Mahony/ Manning dó féin oíche amháin a bhuail sé léi. Mhol sé dá chairde a bhí gníomhach sna ranganna Gaeilge i Nua-Eabhrac imeacht go dtí a teach d'fhonn na dánta eile a bhí aici a bhreacadh síos. "Mrs Manning has many pieces of Irish verse that I never saw in print and that I think never were in print. It would be a pity not to have them preserved."²⁰


D'fhreastail sé ar imeachtaí ar leith de na Cumainn Ghaeilge i Nua-Eabhrac anois agus arís agus amuigh i Williamsburgh, Long Island, nuair a bhí sé ina chónaí ansin. Sula ndeachaigh Rosa abhaile go hÉirinn uair amháin, d'fhonn sraith léachtaí a thabhairt ansin agus i Sasana, tháinig a lán cairde ar cuairt chuig an teach, sular imigh sé. Léirigh a iníon Margaret céard a tharla. "For weeks ahead there were many Irish visitors in our house and night after night the sound of the Gaelic tongue would float softly from his room until the wee small hours of the morning."²¹ Fuair Ó Donnabháin Rosa bás i Nua-Eabhrac sa bhliain 1915 agus tógadh a chorp abhaile go hÉirinn. Cuireadh i Reilig Ghlas Naíon, i mBaile Átha Cliath é. Thug Pádraig Mac Piarais óráid ag a shochraid. Seo sliocht as, aistrithe go Gaeilge.

Ba chalma an fear thú, a Dhiarmuid. Is tréan a d'fhearaís cath ar son cirt do chine, is ní beag ar fhuilingis; agus ní dhéanfaidh Gaeil dearmad ort go brách na breithe. ...d'fhágadar seilbh againn ar mhairbh na bhFiann agus fad a bheidh taisí na bhfear sin in úir na hÉireann ní bheidh Éire, in uireasa na saoirse, go brách ar suaimhneas.²²

Mícheál Ó Lócháin (1836-1899)

Ba é Mícheál Ó Lócháin, ó Chontae na Gaillimhe, thar aon duine eile, a spreag agus a ghríosaiigh a chominimircigh i Meiriceá ranganna agus cumainn a bhunú ansin, d'fhonn an Ghaeilge a chothú agus a chaomhnú. Bhunaigh sé iris dhá theangach an *Gaodhal* sa bhliain 1881. Duine éirimiúil, idéalaíoch ab ea é. Chuir sé roimhe meanma na n-inimirciúcháin Éireannach a ardú agus chaitheadh sé an-chuid ama ag iarraidh mórtas cine a chothú iontu. Níor staon sé riamh ó bheith ag cur os a gcomhair, cé chomh léannta, foghlamtha is a bhí muintir na hÉireann sa tseanaimsir. In eagrán deireanach na hirise sular bhásaigh sé, thug sé sliocht as leabhar Spalding ina iris. "The Irish possess contemporary histories of their country, written in the language of the people, from the fifth century. No other nation of modern Europe is able to make a similar boast."²³ Bhíodh sé an-tógtha suas le hobair na gcumann agus foilsíú na hirise.

... our regular business occupies our time every day until five o'clock in the evening: two evenings in the week are devoted to the P.C. Society, and the remaining evenings to writing and translating the matter and setting up the type for these twelve pages;²⁴



Chreid sé go raibh dlúthcheangal idir náisiúnachas agus teanga. Dúirt sé san *Irish World*, "The Irish language should be cultivated in order to maintain Irish ideas and Irish Nationality in their integrity."²⁵ Cá bhfuair sé an inspioráid le bheith ag leanúint ar aghaidh go dian dícheallach, gan stad, ar feadh thart faoi 30 bliain ag saothrú na Gaeilge? Is deacair a rá. Ní raibh aon pribhléidí ag baint leis. Mac fheirmeora tionónta ab ea é a rugadh ar fheirm bheag i gCurrach an Doire, in aice le Baile an Mhuilinn i gContae na Gaillimhe. Bhí an t-ádh air, áfach, leis an scolaíocht a fuair sé. Dar le Mulloy (1995), ní raibh aon scoil náisiúnta i bparóiste Bhaile an Mhuilinn ach go raibh scoil scairte i gCurrach an Doire nuair a bhí sé óg.²⁶ Gach seans go ndeachaigh sé go dtí an scoil sin. Thug sé le fios gur ábhar sagairt i Maigh Nuad, Peter Duggan, an múinteoir deireanach a bhí aige.²⁷ Thosaigh sé ag dul ar scoil nuair a bhí sé naoi mbliana d'aois agus d'fhan sé ann go dtí go raibh ocht mbliana déag slánaithe aige, tréimhse ama a bhí neamhchoitianta go leor ag an am, is dócha. Is léir gur bhain sé an-tairbhe as a chuid oideachais.

Bhí thart faoi cúig bliana agus tríochad slánaithe aige nuair a d'imigh sé go Meiriceá, é pósta le Mairéad agus ceathrar páistí acu. Saolaíodh mac eile dóibh i mBrooklyn. Bhí post mar oide scoile i mBrooklyn aige ar feadh cúig bliana ach d'éirigh sé as an mhúinteoireacht agus ba mar ghníomhaire eastát réadaigh a bhain sé a shlí bheatha amach ina dhiaidh sin.

Ba chun dea-shampla a thabhairt do na Gaeil in Éirinn a thosaigh Ó Lócháin ag cothú na Gaeilge ar an gcéad dul síos. Luadh an "dea-shampla" sin go minic san iris. Thug an *Irish World* "Pioneer of the Gaelic Language Movement in America" ar Ó Lócháin i 1899, nuair a fuair sé bás.²⁸

Na cumainn Philo Celtic

Bhí líon mór Éireannach i Meiriceá a raibh Gaeilge ó dhúchas acu ó lár an naoú aois déag ar aghaidh. Tá sé deacair a bheith cinnte faoi uimhreacha, ach ceaptar go raibh thart faoi 73,000 Éireannaigh agus Gaeilge ó dhúchas acu i gcathair Nua-Eabhrac agus Brooklyn sa bhliain 1860.²⁹ Go luath sa bhliain 1872, léirigh Gaeil ar leith a n-imní go poiblí i litreacha i an *Irish World* agus pléadh chomh maith céard ba chóir a dhéanamh d'fhonn an scéal a leigheas. Lean an plé faoin dteanga ar feadh bliana ar a laghad sa nuachtán sin. Chuaigh litir an Lóchánaigh faoi ainm cleite “Gael” i gcionn go mór ar a chomhthírigh. Mhol seisean ranganna Gaeilge agus cumainn a bhunú.

I would have an IRISH CLASS in every Irish society-room in the Union. ... a dictionary for each room; a copy of the *Irish World* containing the lessons for each member... to assemble three times in the week - three hours each evening; the instructor giving, from time to time, short lectures, embracing as much as possible all words given in the lessons.³⁰

Ag an deireadh, cinneadh go mba chóir cumainn a bhunú. Bunaíodh an *Philo-Celtic Society* i mBostún ar dtús i 1872 agus i mBrooklyn i 1875 agus de réir a chéile bunaíodh iad i Nua Eabhrac, San Francisco, Philadelphia agus i gcathracha eile nach iad. Bhí na cumainn sin neamh-spleách ar a chéile. Ba í an phríomhaidhm a bhí acu go léir ná an Ghaeilge a athbheochan. Duine de bhunaitheoirí an *Philo-Celtic Society* i mBrooklyn agus rúnaí an chumainn sin ba ea Ó Lócháin.

Bhuaileadh na baill le chéile uair nó dhó sa seachtain agus dhéanadh siad staidéar ar *Easy Lessons: or Self-Instruction in Irish* de chuid Uileog de Búrca ar dtús. Níos déanaí, baineadh feidhm as na ceachtanna a d'fhoilsigh Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge in Éirinn, agus as ceachtanna Uí Gramhnaigh nuair a cuireadh iad sin i gcló. Bhí ranganna Gaeilge á reáchtáil ag timpeall leathchéad cumann thart faoi lár na 1880í.

Cuireadh síos go minic faoin gcaoi a stiúrtaí na ranganna i an *Gaodhal* agus an *Irish-American* sna blianta tosaigh agus i an *Irish World* níos déanaí. Bhíodh siamsaí acu ag deireadh na ranganna. Bhí amhránaíocht, - daoine indibhidiúla ag canadh amhrán Gaeilge go minic, amhrán pharlúis i mBéarla agus uaireanta freisin, ceol agus aithriseoireacht. Níl aon amhras ann, ach go raibh buntáistí sóisialta ar leith ag na Gaeil a ghlac páirt le chéile sna cumainn sin i Meiriceá. Agus Ó Lóchain ag tagairt don chumann i mBrooklyn, dúirt sé:

We meet as brothers and sisters having a common object in view, and if we miss a night through whatever the cause, we think the time too long until the next meeting night.³¹

Ba iad rúnaithe na gcumann ba mhó a chuireadh na tuairiscí chuig na tréimhseacháin. Ba mar seo a chuir ball amháin síos faoi cé chomh deacair is a bhíodh sé sa chumann i Philadelphia cuid dá gcomhthírigh a raibh Gaeilge acu, a mhealladh chun labhairt i nGaeilge ag na cruinnithe. “Is geal le tarraint capaill air ghreim cluaise as poll-mona a bheith aig iarraidh ortha a leas a dheunadh.”³² Is deacair a chreidiúint, ach bhí rang Gaeilge ag baill an *Philo-Celtic Society* Nua-Eabhrac ar Lá Nollag sa bhliain 1881 toisc gur thit sé ar an Domhnach, gnáth-lá na scoile. “Last Sunday, being Christmas Day our class was not so well attended, those who were there however enjoyed a genuine treat in the analysis of the parts of speech by Mr. Daniel Magnier.”³³

Mholadh Mícheál Ó Lócháin baill éagsúla an chumainn *Philo-Celtic* i mBrooklyn, nuair a thugadh sé faoi deara cé chomh díograiseach is a bhíodh siad. Ach uaireanta cháineadh sé baill eile, nuair a cheap sé gur thuill siad é. Is go dian dícheallach a shaothraigh baill ar leith sna cumainn *Philo-Celtic*, na hoifigigh agus na múinteoirí ach go h-áirithe. Seo mar a dúradh nuair a bhásaigh saothraí Gaeilge amháin Seághan Maguidhir.

Níorbh fhéidir le h-aon síon dá géire é a chosg, an tam nach raibh sé ag cur sgoile ar bun, do bhídh sé ag mola na teangaine, ag comharlughadh agus ag sgrúdú feabhas na Gaoidhilge.³⁴

Bhí súil Ó Lócháin agus é ag bunú an *Gaodhal* go n-ardódh sé stádas sóisialta na nGael i Meiriceá. "... to remove the slur which the non-existence of a journal in the native language seemed to cast on the Irish element in this country, seeing that of all the nations the Irish was the only one that had not its national journal."³⁵

Bhí a aidhmeanna i bhfotheideal na hirise - an Ghaeilge a chur chun cinn. Cé go raibh Féin Rialtas a bhaint amach do chine na hÉireann, luaite mar aidhm eile ar bharr an phríomhleathanaigh, dúirt sé cúpla uair go mba chóir do na Gaeil tús áite a thabhairt do shlánú na Gaeilge agus ina dhiaidh sin tabhairt faoi Féin Rialtas na tíre a bhaint amach. Léirigh an file Pádraig Ó Beirn ("Pádraic") na mothúcháin céanna.

Acht do b'fheárr liomsa daoirse ar n-oileáin go deo -
A's do b'fheárr liom ár d-talamh do bheith mar atá; -
Ó! do b'fheárr liom na tíghearnaidhe a choidhche bheith beo,
Ná teanga na h Éireann bheith marbh go bráth.³⁶

Bhí thart faoi leath den ábhar i an *Gaodhal* i nGaeilge sa chló Gaelach - eagarfhocail, filíocht, litreacha, scéalta, paidreacha, searmanais, fabhalscéalta, aistriúcháin, ceachtanna agus óráidí. Bhí an iris tábhachtach mar dheis fhoilsithe do scríbhneoirí agus dóibh siúd a raibh lámhscríbhinní acu, do sholáthraithe amhrán agus filíochta agus, dar ndóigh, do na haithriseoirí féin .

I measc na soláthraithe a fheictear a n-ainmneacha go minic san iris, bhí Tomás Ó Gríobhtha ó Chontae Ciarraí, a raibh méid mór de lámhscríbhinní aige, an tAthair Domhnall Ó Morchadha as Chontae Shligigh, an Captaen Tomás de Norraidh a rugadh i gContae Ciarraí, Seághan Ua Laiginn as Ghleann na Madadh, Contae na Gaillimhe agus Máirtín P. Mac an Bháird as Oileán Éadaigh, Contae Mhaigh Eo.

Seo mar a dúirt Murphy i 1984. "The lack of a regularly published outlet for Irish language and literature made the founding of an *Gaodhal* the most significant development in encouraging the Irish language movement among Irish-Americans."³⁷ Is foinse thábhachtach eolais an *Gaodhal* ar na hinimircigh sin a ghlac páirt i ngluaiseacht na teanga, mar shampla na baill a bhí gníomhach sna Cumainn *Philo-Celtic*.

D'fhoill misneach a thabhairt do na léitheoirí sin a bhí ag foghlaim scríobh na Gaeilge, d'fhoilsigh an t-eagarthóir a gcéad iarrachtaí go minic mar a scríobhadh iad, gan eagar a chur orthu. Cháineadh daoine é mar gheall ar sin. Ach thug an t-eagarthóir a dhearcadh féin ar an scéal. "Cóthuigheann an leanbh ar uchd a mháthar sul do chaitheann sé biadh níos brioghmhaire".³⁸

Tugadh faoi deara in Éirinn tábhacht na hirise seo. Foilsíodh cuid de thuairisc Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge, Baile Átha Cliath i 1882 in iris an Lóchánaigh. Tagraíodh do na ranganna Gaeilge a bhí curtha ar bun i Meiriceá agus don iris. "A new monthly journal has been started there called 'An Gaodhal' ... (which) adds to the list of

American journals which devote their columns to the publishing of Irish literature in the Irish character”.³⁹ Agus bhí an méid seo le rá ag an *Freeman's Journal*, i mBaile Átha Cliath, “This publication is remarkable in many way... the contents of the *Gaodhal* show that as far as the language is concerned, our countrymen in America are far in advance of the Irish at home”.⁴⁰

Cheap Máirtín Ó Cadhain i 1972, go raibh *Gaodhal* an Lóchánaigh ina eiseamláir d’eagarthóirí nuachtán agus irisí a raibh Gaeilge iontu ar feadh i bhfad. “Ach ba é *Gaodhal* Bhrúclín ba mhúnlá dóibh uilig chomh maith le do *Irisleabhar na Gaeilge* - suas go dtí 1922, agus do chuid acu fós féin ar bhealaí.”⁴¹

Eoin Ó Cathasaigh

Inimirceach as Maigh Eo a leag béim ar labhairt na Gaeilge, agus a chuir faoi i Nua-Eabhrac ab ea Eoin Ó Cathasaigh. Ba i mBaile an Doirín, i bParóiste Chill Cholmáin, a rugadh é i Lúnasa 1839.⁴² Bhí dhá scoil náisiúnta i mBaile an Doirín, ceann do bhuachaillí agus ceann eile do chailíní sa bhliain 1848 nuair a thosaigh sé ag freastal ar scoil agus naoi mbliana d’aois slánaithe aige.⁴³ Gaeilge amháin a bhí aige ag an am. Níor chaith sé ach dhá bhliain i Scoil na mBuachaillí, áfach, sular aistrigh sé go scoil scairte nó scoil phríobháideach sa cheantar. “Pay Schools” a thugtaí go minic orthu ag an am. Dhá bhliain go leith a chaith sé sa scoil sin.⁴⁴



Chaith sé 36 lá ar long seoil a d’imigh ó Éirinn agus ba i mBealtaine 1860 a shroich sé Nua-Eabhrac. Phós sé Éireannach darbh ainm Catharine a bhí dhá bhliain níos óige ná é. Dar leis an *Gaodhal*, pósadh iad i Meiriceá ach dar leis féin pósadh iad in Éirinn díreach roimh imeacht dóibh.

Cé gur tugadh eolas faoi Ó Cathasaigh in alt amháin in an *Gaodhal* i 1900, faoin teideal “Gaelic League Workers”, is ar leathanaigh na nuachtán a bhí dírithe ar na Gaeil i Meiriceá, atá teacht ar an eolas is mó faoina rannpháirtíocht i ngort na Gaeilge ar feadh níos mó ná tríocha bliain. Ba iad na nuachtáin sin, a foilsíodh go léir i Nua-Eabhrac, an *Irish-American*, an *Irish World* agus an *Gaelic American*.

I nDaonáireamh 1870, dúradh gur shaothraí ab ea é, go raibh ceathrar páistí acu, triúr cailín agus buachaill amháin, go raibh a dteach ar cíós agus go raibh cónaí orthu i mBarda 5, Ceanntar 12.⁴⁵ Saolaíodh iníon eile, Theresa, dóibh sa bhliain 1874. D’aistríodar gach cúpla bliain ach is cosúil nár cheannaigh siad aon teach. Tiománaí dhá chapall le vaigín ceithre rothaí ab ea é ar feadh tréimhse. “Teamster” a tugadh ar thiománaí mar sin. Ba mar thiománaí trucaile a cuireadh síos faoi i 1880.⁴⁶ Ba thiománaithe iad freisin a mhac John J., céile a iníne, John Bray agus a gharmhac Frank Casey. Faoi 1910 bhí Eoin féin ina mhaor oibre le comhlacht trucaí.

Bunaíodh an *Philo-Celtic Society* Nua-Eabhrac sa bhliain 1878, agus bhí Ó Cathasaigh ina bhall den chumann bliain ina dhiaidh sin. Bhí ról an-lárnach aige leis an gcumann sin mar d’fheidhmigh sé mar uachtarán, leasuachtarán nó mar dhuine de na riarthóirí ar feadh i bhfad.

Nuair a bhí Dubhghlas de hÍde ar a bhealach abhaile go hÉirinn agus thart faoi ocht mhí caite aige mar Ollamh Eatramach le Litríocht in Ollscoil New Brunswick, Ceanada, chaith sé tamall i mBostún agus i Nua-Eabhrac i samhradh 1891. Le linn dó a bheith i Nua-Eabhrac, d’fhreastail sé go minic ar Chumann Gaedhilge Nua-Eabhrac in uimhir 17, Iarthar 28ú Sráid. Fearadh fáilte chairdiúil roimhe ansin. Thug beirt, Patrick O’Beirn agus Tomás Ó

Néill Ruiséal é go dtí an *Philo-Celtic Society* ag 263 Bowery, Domhnach amháin. Chuir sé ionadh ar de hÍde an méid Gaeilge a chuala sé ansin. Mar a dúirt sé ina dhialann “Bhí 30 duine ansin agus Gaedhilg acu uile”.⁴⁷ Chuir an *Irish-American* síos faoi chomh tógtha is a bhí de hÍde leis an méid a thug sé faoi deara an Domhnach sin.

Dr. Hyde was agreeably surprised at the large number of Gaelic speakers who were introduced to him. ... He said, in commencing, he was delighted to find that every one present spoke or understood Irish, and that therefore, he would not speak in any other language. During a residence in Canada of eight months he had not heard one word of Irish; but now, his heart was overjoyed to hear the tongue of the Gael from what might be called universal Ireland, as he had before him representatives of every county in Ireland, who either spoke or were learning to speak the language of their fathers.⁴⁸

Is léir go ndeachaigh an cumann ar leith sin a raibh baint mhór ag Ó Cathasaigh leis, i gcionn go mór ar de hÍde a raibh ról lárnach aige in athbheochan na Gaeilge ina dhiaidh sin in Éirinn. Is deacair a thuiscint, áfach, conas a ndearna sé dearmad ar a bhfaca sé agus ar a chuala sé sna ranganna i Nua-Eabhrac i samhradh 1891. Dúirt Ó Dochartaigh: “Nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge dhá bhliain ina dhiaidh sin i mBaile Átha Cliath, dearbhaíodh gur rud nua ar fad ab ea príomh aidhm an Chonartha, an Ghaeilge a choinneáil á labhairt i measc na ndaoine in Éirinn”.⁴⁹ Níor thagair de hÍde do na cumainn sin i Nua-Eabhrac ina raibh na baill iontu chomh tógtha suas ag labhairt Gaeilge. I bhfonóta gearr amháin ina shaothar *Mise agus an Conradh* dúirt sé “Acht, bhí cúpla cumann beag Gaedhilge i Nua-Eabhrac agus i mBrooklinn, agus b’éidir go ndearna siad-san iarracht ar Ghaedhilg do labhairt eatorra féin. Níl mé cinnte faoi sin.”⁵⁰

I ndeireadh 1901 bhronn baill an *Philo-Celtic Society* Nua Eabhrac, uaireadóir óir ar Ó Cathasaigh, mar aitheantas dá ndúthracht agus dá néifeacht i gcoitinne i ngluaiseacht na Gaeilge. “O Ballaibh Chumainn Carad Na Gaedhilge nuad Eabhraic, d’ar n-Uachdaran Uasal, Eoin Ua Cathasaigh, Mí Nodlag 1901” a bhí inscríofa ar an uaireadóir.⁵¹ Bhí an tuairisc seo a leanas faoin mbronnadh i “Gaelic Notes” an *Irish World* san athbhliain.

Hardly ever was a presentation better deserved. Not only through his simple but thrilling eloquence in the Irish tongue, but through his great earnestness, his transparent honesty of character and his devotion only to the broad interests of the movement above and beyond all smaller considerations, Mr. Casey has been a power and an influence for good in the movement generally as well as in his own society.⁵²

Chreid Ó Cathasaigh go daingean nár chóir d’Éireannaigh drochíomhá díobh féin a chur chun tosaigh, mar bhí an iomarca de sin á dhéanamh ag scríbhneoirí irisí áirithe mar *Harpers’ Weekly*, *Puck* agus *Judge*, gan na hÉireannaigh féin a bheith á dhéanamh. Bhí ceol choirm ag baill den Sligo Men’s Association i Halla Tamanny ag deireadh 1899. Bhí sé socraithe roimh ré go labhródh sé mar uachtarán an *Philo-Celtic Society* Nua-Eabhrac, leis an lucht éisteachta i nGaeilge ag an ócáid. Níor thuig tuairisceoir an *Irish World*, an fáth nár labhair Ó Cathasaigh mar bhí sé i láthair. Nuair a rinne sé iniúchadh ina dhiaidh sin, fuair sé amach go raibh cuid den “Éireannach Stáitse” ag baint leis an scéal. Is cosúil go ndearna aisteoir amháin, nach raibh a ainm luaite ar an gclár in aon chor, agus é ag iarraidh a bheith greannmhar, scigaithris de shaghas éigin ar Éireannaigh. Chuir sin déistin chomh mór sin ar Ó Cathasaigh, gur cheap sé nach mbeadh sé oiriúnach dó labhairt i nGaeilge ar an ardán céanna lena leithéid de oirfideach, agus ba in an fáth gur dhiúltaigh sé labhairt. I dtús an

chéid nua bhí baill ón Ord Ársa na nÉireannach, Conradh na Gaeilge agus Clan na nGael ag comhoibriú lena chéile d'fhonn an tÉireannach Stáitse a dhíbirt ó ardáin na n-amharclann i gcathracha Mheiriceá. Chomhairligh Ó Cathasaigh i Márta 1903, dá lucht éisteachta i nGaeilge conas mar ba chóir dóibh plé leis an bhfeiniméan sin - an tÉireannach Stáitse. Bhí tuairisceoir an *Irish World* thar a bheith sásta leis.

Mr. Casey has got into the habit of hitting the nail on the head, and can do so in a gentlemanly way. If some of the so-called Irishmen and women could only hear Mr. Casey and follow his advice “Mr Dooley” and “O-O-O’Brien” would never be heard from again.⁵³

Bhí ard-mheas ar chumas óráidíochta Uí Chathasaigh mar a léiríonn tuairisc eile ón *Irish World* i 1899.

Mr. Casey’s oration in Irish was a masterpiece. Every time we hear him he improves. His language is so simple, enunciation so clear, his diction so rich, and withal so forceful, that it is a pleasure to listen to him and this pleasure is accentuated the more if one is but a student of the language. It were well if many of our other native speakers, observed the same consideration for beginners.⁵⁴

Thug Ridge (1996) le fios agus é ag cur síos ar na cumainn contaetha i Nua-Eabhrac: “The Irish counties could and did work well with the other Irish fraternal and social organizations ...”⁵⁵ Léiríodh an comhoibriú sin nuair a tháinig baill an Mayo Young Men’s Association agus toscairí ó chumainn Gaeilge ar leith i Nua-Eabhrac le chéile i nDeireadh Fómhair 1905, d’fhonn caomhnú na teanga a phlé. “Ledwith Hall was crowded last Sunday evening with patriotic Irish men and women, who responded to the invitation which the Mayo Young Men’s Association issued to all who are interested in the preservation of the Irish language.” Bhí T. J. Groark ina chathaoirleach agus labhair Maor Mc Crystal ar dtús ag an gcruinniú. Ba i nGaeilge, mar a tharla de ghnáth, a labhair Ó Cathasaigh leo. Socraíodh go múinfi Gaeilge ag cruinnithe an Mayo Young Men’s Association ina dhiaidh sin. Chláraigh níos mó ná caoga duine sa rang Gaeilge.

Ba é John Quinn, dlíodóir saibhir agus tacaitheoir na na n-ealaíon, a raibh cónaí air i Nua-Eabhrac, a mhol ar dtús do de hÍde teacht go Meiriceá d’fhonn airgead a ardú ar son Chonradh na Gaeilge in Éirinn. D’imigh Tomás Ó Concheannain amach roinnt seachtainí roimh de hÍde chun ullmhúcháin a dhéanamh roimh ré. Bhí cruinniú ag Quinn chun na socruithe a dhéanamh i gcomhair na cuairte. Bhí Ó Cathasaigh ar an gcoiste a toghadh chun imeacht go dtí an duga d’fhonn fáilte a chur roimh Ó Concheannáin ar theacht amach ón long dó. Bhí John Devoy, agus John Quinn i láthair freisin. D’éirigh le Ó Cathasaigh comhrá breá i nGaeilge a bheith aige le Ó Concheannain, ó Oileán Árann, díreach tar éis teacht i dtír dó.⁵⁶ Bhí baint lárnach ag Ó Cathasaigh leis an séipéal paróiste i Manhattan Naomh Alphonsus Ligouri. Bhí sé ina bhall de chuid mhaith choistí a raibh baint acu leis an bparóiste sin. Bunaitheoir agus uachtarán an Chumainn Ól-Shéanta ba ea é agus bhí sé ar bhord riartha an chumainn sin freisin. Ba eisean a chuir ina luí ar an sagart paróiste Gearmánach léacht i nGaeilge in onóir do Naomh Pádraig a cheadú san séipéal sin gach Lá Fhéile Pádraig. Agus cé go raibh líon mór Gael i Nua-Eabhrac i 1900, ba sa láthair sin amháin, a raibh léacht i nGaeilge ar Lá Fhéile Pádraig le cloisteáil.⁵⁷ Bhí sé páirteach freisin i gCumann na Talún agus i 1904 i gcaobh áitiúil an chumainn United Irish League.

Dúradh san alt faoi Ó Cathasaigh in an *Gaodhal* sa bhliain 1900 go raibh baint aige leis na bhFíníní. Tá sé deacair eolas faoi sin a aimsiú, ach feictear in alt “IRB Veterans

Banquet” i nuachtán John Devoy, liosta an-fhada de na sean fhondúirí a bhí i láthair ag an bhfleá i gceantar Broadway agus Shráid 42ú i Márta 1906. Orthu siúd bhí Ó Cathasaigh chomh maith leis an mBreitheamh James Fitzgerald, iar-Choimisinéir Thomas C.T. Crain, an Maor Edward T. Mc Crystal, saothraí Gaeilge gníomhach eile, mar aon le John P. Cohalan, Ball Chomhthionóil Stát Nua-Eabhrac, agus John Devoy féin i measc líon mór Éireannach eile.⁵⁸

Toisc nach raibh na Cumainn *Philo-Celtic* aontaithe agus go raibh cuid de na baill scartha amach i bhfad óna chéile, cinneadh i 1898, go mba chóir Cumann Náisiúnta a eagrú i Meiriceá. Bunaíodh Conradh na Gaeilge Mheiriceá ag deireadh na bliana 1898. Bhíodh comhdháileacha acu gach bliain i gcathracha éagúla. Ba i Philadelphia a bhí an comhdháil i 1902. Tamall roimhe sin, d’éirigh imreas agus iomaíocht idir bhaill chumann difriúla i Meiriceá. Bhí dhá chnámh spáirne eatarthu – socrúithe sochraid Uí Ghramhnaigh nuair a cinneadh a chorp a thabhairt ar ais go hÉirinn agus cás Risteaird de Hindeberg nuair nár athcheapadh é i bpost a bhí aige ar feadh trí bliana in Ollscoil Chaitliceach Washington. Sheol Cornelius O’ Brien ó Buffalo litir chuig an *Irish World* ag insint faoi an díomá mhór a bhí air féin go pearsanta agus ar bhaill na scoileanna agus cumann Gaeilge na tíre chomh maith, faoi mar a tharla ag an gcomhdháil i Philadelphia i 1902. Is léir go ndearnadh toghcháin na n-oifigeach go sciobtha. D’fhág cuid mhaith de na baill an halla d’fhonn agóid a dhéanamh i gcoinne an slí inar stiúradh na comhdhála. Ba ansin a toghadh na hoifigigh nua nuair nach raibh na baill sin i láthair sa halla. Bhí O’ Brien an mhí-shásta leis na hoifigigh a toghadh. “The three incompetent men placed at the head of the Gaelic League of America at that convention are a guarantee for the future failure of the movement as long as it is in their hands.”⁵⁹

Cheap O’ Brien nach raibh an triúr - O’ Donovan, MacKenna agus Holden oiriúnach le bheith mar oifigigh nuair nach raibh focal amháin Gaeilge ag aon duine acu. Thagair sé do ochtar “all eminent scholars” a bheadh i bhfad níos oiriúnaí le bheith mar Uachtarán an Chumainn Náisiúnta ná an Maor P.C.B. O’ Donovan a bhí tofa. Ina measc, dar ndóigh, luaigh sé Eoin Ó Cathasaigh ó Mhaigh Eo. Bhí an ceart ag O’ Brien, áfach. Chuir mar a rinneadh ag an gcomhdháil sin i bPhiladelphia agus mar a scoilteadh na gcumann ina dhiaidh sin, deireadh leis an eagraíocht Chonradh na Gaeilge Mheiriceá. Ach lean na baill ar aghaidh ina gcumainn féin lena iarrachtaí an teanga a chur chun cinn.

Agus é ag labhairt ag Feis Ceoil eile a d’eagraigh Cumann Gaedhilge Nua-Eabhrac i Halla Carnegie, i 1903, thug Ó Cathasaigh, óráid i nGaeilge. Cheap sé go ndeachaigh mar a rinneadar ar son na Gaeilge i Meiriceá, (An t-Oileán Úr, a tugadh go minic air ag an am) i gcionn go mór ar chúrsaí na teanga in Éirinn.

Anois a dhaoine uaisle, cuirimis i g-comórtas an módh i raibh Éire a luidhe seacht mbliana fhichead o shoin, agus cuirimis a comórtas an t-am san agus an t-am atá lathair. An obair atá déanta ag Éireannaighibh ‘san tir seo, ag cur spreagtha ar na daoineibh ag baile. Tar éis cuig bliadhan fichead oibre duthrachtaigh smaoin siad ag baile gur náire dhoibh bheith díomhaoin agus an obair tíorghrádhmhail dul ar aghaidh ann san Oileán Úr. Faoi dheireadh las sméaróid agus ann san do las an teine, i nós go bh-fuil sí lasta ar fud na tíre. Foillsigheann an obair atá dá dhéunamh i n-Eirinn anois go bh-fuil anam nuad ar ár n-daoineibh ann.⁶⁰

Thug sé le fios dá lucht éisteachta mar a bhí bhainte amach ag Conradh na Gaeilge sa mbaile. Sa bhliain sin, 1903, eagraíodh an chéad “Seachtain na Gaeilge” agus bhí mórshiúil iontach mhór acu i mBaile Átha Cliath ar Lá Fhéile Pádraig.⁶¹ Bhíodh sé de nós ag Ó Cathasaigh freastal anois agus arís ar ghnáth cruinnithe an dá chumann i mBrooklyn sna luath

1900í, an cumann *Philo-Celtic* a bhunaigh Ó Lócháin, Tomás Erley agus daoine eile i 1875 agus an Cumann Gaelach. Thagadh baill an *Philo-Celtic Society* le chéile i Halla Turn agus thagadh baill an Chumann Gaelaigh le chéile i bhFoirgneamh Jefferson, Court Square.⁶² Ba chuma cá ndeachaigh sé áfach, feartaí fíorchaoín fáilte roimhe agus labhraíodh sé leo i gcónaí ina theanga dhúchais.

Thionólaíodh Cumann Ghaedhilge Nua-Eabhrac Feis Ceoil – siamsa poiblí i Halla Carnegie go rialta ar feadh na blianta fada. (Ní raibh aon chomórtas idir na rannpháirtithe sna blianta tosaigh, ar aon nós.) I 1906 thug Ó Cathasaigh an t-aitheasc faoi “Aiséirí na hÉireann” ag an ócáid sin i Halla Carnegie. Ba é tuairim an *Gaelic American* gurab eisean ar dhuine de na cainteoirí Gaeilge poiblí ab fhearr i Meiriceá agus gur “credit to the Gaelic movement” ab ea é.⁶³ Ball nua den Chumann Gaedhilge Nua-Eabhrac ab ea Victor Herbert, ceoltóir agus cumadóir cheoldrámaí éadroma mór le rá, a rugadh i Maigh Eo ach a tógadh sa Ghearmáin. Ba eisean a chóirigh cuid de na píosaí amhránaíochta a canadh an oíche sin i 1906. Críochnaíodh an siamsa leis an amhrán “An Bhratach Geal-Réaltach”.

Moladh ag comhdháil de Chonradh na Gaeilge Mheiriceá i Chicago i 1901 go mba chóir Conradh na Gaeilge a bhunú i Meiriceá ar bhonn Stáit. Ina dhiaidh sin bunaíodh Conradh na Gaeilge Stát Nua Eabhrac. Ba mhór an onóir agus an gradam a tugadh do Ó Cathasaigh, nuair a toghadh é am éigin i 1906 mar uachtarán Chonradh na Gaeilge Stát Nua-Eabhrac.

Cheiliúraigh a bhean chéile Catharine agus é féin caoga bliain a bpósta i mBealtaine 1910 i dteach a mic - John J. a raibh cónaí air ar Shráid Vandam. Labhair Eoin leis na haíonna. D’inis sé dóibh gur pósadh in Éirinn iad díreach roimh imeacht go Meiriceá dóibh agus gur fhanadar le chéile ar feadh an tréimhse fada sin cé go mb’éigean dóibh dul i ngleic le cora crua an tsaoil ag iarraidh a mbeatha a shaothrú sa cathair mhór i ndiaidh imeachta ón shráidbhaile síochánta i gContae Mhaigh Eo dóibh. Cuireadh siamsaíocht ar fáil sa teach - amhránaíocht, ceol uirlisí, rincí gaelacha agus rincí nua-aimseartha. Tugadh faoi deara gur ghlac an sean lánúin páirt i Cuadraille Gaelach.⁶⁴

Lean Eoin Ó Cathasaigh ar aghaidh, ag obair i ngort na Gaeilge i Nua-Eabhrac go dtí 1913. Ag deireadh na bliana sin, ní raibh sé ar a chumas a bheith ina uachtarán an *Philo-Celtic Society* Nua-Eabhrac níos mó de bharr chúrsaí sláinte.

LIOSTA LEABHAR AGUS FOILSEACHÁN

(a) Na Leabhair agus na hAilt a Ceadaíodh

- Cavanagh, M.(1892) *Memories of Gen. Thomas Francis Meagher: comprising the leading events of his career chronologically arranged, with selections from his speeches, lectures and miscellaneous writings, including personal reminiscences*, Worcester, Mass. : The Messenger Press.
- Daly, D.(1974) *The Young Douglas Hyde: The Dawn of the Irish Revolution and Renaissance 1874-1893*, Baile Átha Cliath: Irish University Press.
- De hÍde, D. (1937) *Mise Agus An Connradh*, Baile Átha Cliath :Oifig Dhíolta Foillseacháin Rialtais.
- Hardiman, J. (1831) *Irish Minstrelsy, or Bardic Remains of Ireland; with English Poetical Translations*, 2 iml. Atheisithe 1971 Shannon: Irish University Press.
- Mulloy, C. (1995) *Milltown Sketches*. Baile an Mhuilinn, Contae na Gaillimhe : C. Mulloy.
- Murphy, M. (1984) *An Gael*, 2,2, (An tEarrach) Nua-Eabhrac.
- Nilsen, K.E. (1996) “The Irish Language in New York”, *The New York Irish*, eagraithe ag R.H. Bayor agus T.J.Meagher, Baltimore; Londain: Johns Hopkins University Press.

- Ó Cadhain, M. (1972) “Conradh na Gaeilge agus an Litríocht” *The Gaelic League Idea*, eagraithe ag Seán Ó Tuama, Corcaigh agus Baile Átha Cliath: The Mercier Press.
- Ó Dochartaigh, L. (1979) “Nótaí ar Ghluaiseacht na Gaeilge i Meiriceá 1872-1891” *Go Meiriceá Siar :Na Gaeil agus Meiriceá*: Cnuasach Aistí, eagraithe ag S. Ó hAnnracháin, Baile Átha Cliath : An Clóchomhar Tta.
- O’Donovan Rossa J. (1874) *O’Donovan Rossa’s prison life: six years in six English prisons*, Nua Eabhrac: The American News Company.
- O’Donovan Rossa, J. (1898) *Rossa’s Recollections 1838-1898*, athfheisithe 1972, Shannon: Irish University Press.
- O’ Donovan Rossa, M. (1939) *My Father and Mother were Irish*, Nua-Eabhrac: The Devin-Adare Co.
- Ó Lúing, S. (1969) *Ó Donnabháin Rosa 1*, Baile Átha Cliath :Sáirseal agus Dill.
- Ó Lúing, S. (1979) *Ó Donnabháin Rosa 11*, Baile Átha Cliath : Sáirseal agus Dill.
- Ridge, J.T. (1996) “Irish County Societies in New York, 1880-1914” *The New York Irish*, eagraithe ag R.H. Bayor agus T.J. Meagher, Baltimore, Maryland : The Johns Hopkins University Press.
- Roche, J.J. (1891) *Life of John Boyle O’Reilly; together with his complete poems and speeches*, eagraithe ag Mrs. John Boyle O’Reilly, Philadelphia: John McVey.
- Spalding, W. (1861) *The History of English Literature; with an Outline of the Origin and Growth of the English Language; Illustrated by Extracts for the use of schools and of Private Students*. New York: D. Appleton & Company. Idirlíon.
- Uí Chollatáin, R. (2015) “Athbheochan Thrasatlantaigh na Gaeilge: Scríbhneoirí, Intleachtóirí agus An Fhéiniúlacht Éireannach,” i *Litríocht Éireannach Ar Fud An Domhain, Cruthú, Caomhnú Agus Athbheochan*. Imleabhar 1. eagraithe ag Ríona Nic Congáil, Máirín Nic Eoin, Meidhbhí Ní Úrdail, Pádraig Ó Liatháin agus Regina Uí Chollatáin, Baile Átha Cliath: *LeabhairComhar*.
- Uí Fhlannagáin, F.(2008) *Fíníní Mheiriceá agus an Ghaeilge*, Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Uí Fhlannagáin, F. (1990) *Mícheál Ó Lócháin agus An Gaodhal*, Baile Átha Cliath : An Clóchómhar Tta.

(b) Na hirisí agus na Nuachtáin a Ceadaíodh

An Gael, Nua-Eabhrac.
An Gaodhal, Brooklyn
Freeman’s Journal, Baile Átha Cliath
Gaelic American, Nua-Eabhrac
Irish-American, Nua-Eabhrac
Irish People Nua-Eabhrac
Irish World, Nua-Eabhrac.
Phoenix, Nua-Eabhrac
United Irishman Nua-Eabhrac

LÁMHSCRÍBHINNÍ A CEADAÍODH

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann LS G 1043, Idirlíon.

¹ *Irish-American*, 22-8-1857.

² Nilsen, 1996:263. (Bhí an sliocht ón *Daily News* tugtha i an *Irish-American* 15-8-1857.)

³ Cavanagh, 1892:46.

-
- ⁴ Thug Nilsen, 1996: 635, le fios go raibh an inscibhinn sa chló Gaelach inléite thart faoi 1996.
- ⁵ *Phoenix*: 21-4-1860.
- ⁶ *Irish People*: 15-6-1869.
- ⁷ *Irish People*: 21-8-1869.
- ⁸ Bhí Ó Mathúna agus a chara Michael Doheny ag plé leis an Roinn Ghaeilge ar dtús i 1857.
- ⁹ Roche, 1891:176.
- ¹⁰ O'Donovan Rossa, 1898:11.
- ¹¹ *Gaodhal*, Eanáir, 1882.
- ¹² *Ibid.* Deireadh Fómhair, 1882.
- ¹³ O 'Donovan Rossa, 1898/1972:59.
- ¹⁴ *LS G 1043*.
- ¹⁵ *United Irishman*: 2-12-1882.
- ¹⁶ Ó Lúing, 1979:62.
- ¹⁷ *United Irishman* 16-12-1882.
- ¹⁸ *Ibid.* 4-7-1885.
- ¹⁹ Hardiman, 1831.
- ²⁰ *United Irishman*: 27-7-1901.
- ²¹ O'Donovan Rossa, M. 1939:85.
- ²² Aistrithe ag Ó Lúing, 1979:289.
- ²³ *Gaodhal*, Nollaig 1898, sliocht tógtha ó Spalding 1861.
- ²⁴ *Gaodhal*, Márta, 1882.
- ²⁵ 25-5-1872.
- ²⁶ Mulloy, 1995:238.
- ²⁷ *Gaodhal*, Samhain, 1893.
- ²⁸ 21-1-1899.
- ²⁹ Nilsen, 1996: 254.
- ³⁰ *Irish World*: 25-5-1872.
- ³¹ *An Gaodhal*, Márta 1882.
- ³² *Irish-American*, 29-10-1898.
- ³³ *Ibid.*: 7-1-1882.
- ³⁴ *Ibid.*: 1-4-1882.
- ³⁵ *Gaodhal*, Lúnasa, 1882.
- ³⁶ *Ibid.*: Aibreán, 1891.
- ³⁷ *An Gael* : 2,2, an tEarrach, 1984.
- ³⁸ *Gaodhal*, Lúnasa,1886.
- ³⁹ *Gaodhal*, Bealtaine, 1882.
- ⁴⁰ *Freeman's Journal*: 7-12-1883.
- ⁴¹ Ó Cadhain, 1972:55.
- ⁴² *Bhain Baile an Doirín agus cuid mhaith bailte fearainn eile in aice leis, le Contae Mhaigh Eo tráth, ach i 1898 athraíodh na teorainn idir Maigh Eo agus Contae Ros Comáin agus is faoi chúram Chomhairle Chontae Ros Comáin atá siad ó shin.*
- ⁴³ *Commissioners of National Education in Ireland. Reports*, 1848.
- ⁴⁴ *Gaodhal*: Aibreán, 1900.
- ⁴⁵ *Daonáireamh na Stát Aontaithe, Nua -Eabhrac*, 1870, ancestry.com.
- ⁴⁶ *Daonáireamh na Stát Aontaithe, Nua-Eabhrac*, 1880, ancestry.com.
- ⁴⁷ *Leabharlann Náisiúnta na hÉireann LS G 1043*, lgh. 39-42, Idirlíon.
- ⁴⁸ 4-7-1891.
- ⁴⁹ Ó Dóchartaigh, 1979: 66.
- ⁵⁰ *De hÍde*, 1937:41, fonóta.
- ⁵¹ *Irish World*: 28-12-1901.
- ⁵² *Ibid.* : 14-1-1902.
- ⁵³ *Irish World*: 28-3-1903.
- ⁵⁴ *Irish World*: 20-5-1899.
- ⁵⁵ Ridge, J. T., 1996:284.
- ⁵⁶ *Gaelic American* : 7-10-1905.
- ⁵⁷ A, 1900: 119
- ⁵⁸ *Gaelic American* : 24-3-1906
- ⁵⁹ *Irish World* :1-11-1902.
- ⁶⁰ *Irish-American*: 25-4-1903.

⁶¹ *Ibid.*

⁶² *Irish World*: 23-1-1904 ; 26-3-1904.

⁶³ *Gaelic American* : 21-4-1906.

⁶⁴ *Irish-American*: 4-6-1910.

An tÚll Mór © 2016